Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/3628

20.7.2026

**Breithiúnas na Cúirte (an Chéad Dlísheomra) an 21 Bealtaine 2026 (iarraidh ar réamhrialú ón Najvyšší správny súd Slovenskej republiky – an tSlóvaic) – BD v Sociálna poisťovňa, ústredie**

**(Cás C-717/24 [1], Sociálna poisťovňa (Pinsean seanaoise mianadóra faoin talamh))**

***(Tarchur chun réamhrialú – Slándáil shóisialta – Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 – Comhordú na gcóras slándála sóisialta – Pinsin seanaoise – Airteagal 51(1) – Tréimhsí árachais a cuireadh isteach i ngníomhaíocht fostaíochta nó féinfhostaíochta ar leith, nó i ngairm atá faoi réir scéim speisialta – An coincheap 'scéim speisialta' – Rialacha chun tréimhsí árachais a chomhiomlánú – Reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear cóir níos fabhraí ar oibrithe i gcatagóirí áirithe fostaíochta – Airteagail 45 agus 48 CFAE – Saorghluaiseacht oibrithe)***

(C/2026/3628)

*Teanga an cháis: an tSlóvaicis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Najvyšší správny súd Slovenskej republiky

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: BD

*Cosantóir*: Sociálna poisťovňa, ústredie

**An chuid oibríochtúil**

Maidir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 51(1) de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

tá feidhm ag an sásra sonrach le haghaidh comhiomlánú tréimhsí dá bhforáiltear ann i gcás go bhfuil scéim speisialta slándála sóisialta bunaithe ag an mBallstát atá inniúil chun an pinsean seanaoise a dheonú, ar scéim í atá éagsúil go foirmiúil leis an scéim ghinearálta agus a bhaineann go sonrach le gairmeacha nó gníomhaíochtaí shonracha, agus chomh maith i gcás go ndéanfaidh an Ballstát sin, gan scéim speisialta den sórt sin a bheith bunaithe aige, buntáistí áirithe a fhorchoimeád, i gcomhthéacs dheonú an tsochair sin, do chatagóir shonrach daoine a bhfuil tréimhsí árachais curtha isteach acu i bhfeidhmiú gairme nó gníomhaíochta shonracha.

---

(1) IO C, C/2025/884.